

• An Lúibín •

30 Aibreán 2007

Meath na SeanGhaeilge

The universities that teach Old Irish are few in number, like the students that study it. Now UCD has abolished its chair in the subject.

Deirtear go bhfuil an tseanGhaeilge i mbaol ina lán ollscoileanna mar a múintear í; tá sí i mbaol go deimhin ag UCD, áit ar fuarthas réidh leis an gcathaoir sa teanga agus nach fuil seanGhaeilge agus meánGhaeilge le fáilanois mar lánábhar céime. Scéal é a chuir fearg ar mhórán mórscoláirí in Éirin agus tharlear, agus a ghríosaigh an tAire Oideachais féin chun dul chun cainte le huachtaráin an Choláiste ina thaobh.

Deirtear go bhfuil mionscrúdú á dhéanamh ag UCD ar fhoghlam agus ar theagasc na seanGhaeilge. Tá baint aige seo leis an líon beag mac léinn a bhfuil suim acu san ábhar: deir UCD nach bhfuil ach beirt acu á dhéanamh faoi láthair.

Ní raibh litreacha feargacha in easnamh ar na páipéis, agus ceann acu ag cur an mhilleáin ar bhainisteoirí aineolacha a dhearmad nach cúrsaí gnó atá i gceist anseo ach cúrsaí léinn – tuairim atá coitianta i mórán ollscoileanna.

Ní mór d'UCD, ar ndóigh, aird éigin a thabhairt ar na cúiseanna a bhfuil a laghad sin mac léinn ag déanamh seanGhaeilge, agus b'fhiú a fháil amach an bhfuil na figíúirí chomh dona sin in áiteanna eile. Is aisteach an scéal é borradh a bheith faoin nGaeilge nua-aimseartha agus staidéar na seanteanga ag meath san am céanna. San Astráil táimid ag fanacht fós le cúrsa ollscoile a sholáthródh Gaeilge ar bith mar ábhar céime.



Gaelscoileanna

Gaelscoileanna are doing well, but there are persistent charges of elitism – and even mention of racism. And the long decline of Irish in English-medium schools continues.

Gluaiseacht phobail í an ghaelscolaíocht, de réir mar a deirtear. Tuismitheoirí a chuireann na scoileanna ar bun, níl táillí le híoc, agus tá formhór mór na scoileanna in áiteanna nach bhfuil clú an airgid orthu. Uaireanta tá na háiteanna sin bocht go leor – Baile Munna i mBaile Átha Cliath, mar shampla. Tá os cionn 27,000 dalta sna bunscoileanna Gaeilge agus 6,881 dalta sna coláistí – figíúirí a bheadh i bhfad níos airde dá mbeadh an soláthar ag teacht leis an éileamh.

Tá sin go maith agus níl sé go holc. Ach ní bhacann sé daoine ar bhréaguaisleacht a chur i leith na nGaelscoileanna, go háirithe agus bunscoileanna Béarla ag cailleadh daltaí. Tá tuismitheoirí ann nach bhfuil róthugtha don teanga féin ach a aithníonn na buntáistí atá ag gabháil le gaeloideachas - an fosc oibre agus an bealach réidh chun an tríú leibhéal. Rud é a spreagann éileamh: is amhlaidh (más fíor) gur gá ainm do pháiste a chur síos blianta roimh ré. Is iomaí duine amhrasach a déarfadh gur cúrsaí sóisialta seachas suim i nGaeilge a thugann ar chuid mhaith tuismitheoirí a gclann a chur chun na Gaelscoile áitiúla nó chun Coláiste Íde, abair. Níl an t-amhras sin gan bhunús, cé go bhféadfá a rá gur cuma sa sioc ach Gaeilge phaiteanta a bheith ag a gclann dá bharr. Is dócha, áfach, gurb í an teanga féin is mó a mheallann daoine, cé gur beag an dochar é an rath scoláiriúil.

Tá taobh eile ar an scéal seo, agus taobh gránna é. Is gearr ó bhí ar Mhícheál Ó Broin, uachtarán Gaelscoileanna, freagra a thabhairt ar thuairiscí nuachtáin go raibh tuismitheoirí áirithe ag cur a gclainne chun Gaelscoileanna toisc gur chreid siad nár dhócha go mbuailfidís le páistí den chine gorm ann. Dúirt sé go tréan agus go neamhbhalbh go raibh fáilte roimh pháistí de gach cineál sna Gaelscoileanna. Is cosúil, áfach, go gceapann tuismitheoirí éigin gur tearmann bán na scoileanna céanna, agus is cinnte nach bhfaighfeá mórán páistí ann nach de shliocht Gaelach iad – fós, ar aon chuma. Tá gach cineál cine ag tarraingt ar Éirinnanois, agus ba mhaith an rud a rian sin a fheiceáil ar oideachas lánGhaeilge.

Is léir, ar aon chuma, nach bhfuil deireadh tagtha le borradh na gaelscolaíochta ná baol air. Tá na rialacha soiléir go leor: más mian le tuismitheoirí nó le heagraíocht scoil de shaghás áirithe (scoil Ghiúdach, abair), a chur ar bun agus iad in ann a thaispeáint go bhfuil gá lena leithéid, gheobhaidh an scoil sin aitheantas. Más léir go bhfuil ag éirí leis an scoil, gheobhaidh an scoil lánaitheantas agus airgead stáit. I gcás Gaelscoile, bheadh ort a thaispeáint go bhfuil fiche dalta ar fáil – rud nach deacair a dhéanamh na laethanta seo – agus gan aon Ghaelscoil eile sa timpeallacht.

Fágann sin a lán bunscoileanna Béarla i gcrúachás. Más Gaeilge atá ó na tuismitheoirí ní dócha go bhfaighidís mórán di sa bhunscoil áitiúil, agus fágtar í sin leathfolamh dá bharr, rud a chuireann fearg agus imní ar phríomhoidí. Tarraingíonn sin ceist sheanphléite anuas: cén fáth a bhfuil múineadh na Gaeilge chomh lag sin sna scoileanna náisiúnta?

Tá leid le fáil faoi seo in alt a scríobh Pádraic Breathnach, údar agus léachtóir, don *Irish Times*. In an-chuid bunscoileanna, a deir sé, níl ann ach go ligtear air go múintear Gaeilge. Is minic a fhaightear locht ar na coláistí a dtraenáiltear na múinteoirí iontu. I Luimneach (mar a bhfuil a choláiste féin) bronntar céim B.Oid. ar bheiris is 400 bunmhúinteoir gach fómhar, agus bíonn céim sa Ghaeilge ag an tríú cuid acu. Bíonn Gaeilge líofa ag a mbunáite sin. Gaeilge bhacach a bhíonn ag an gcuid eile, agus gan de sheift acu ag múineadh Gaeilge dóibh sna meánscoileanna ach iachall a chur ar na daltaí aistí agus freagraí réamhhdhéanta a fhoghlaim de ghlannmheabhair. Agus is mar sin a bhíonn an scéal maidir leis na scrúduithe béis freisin. Ach an mionlach a bhfuil Gaeilge bhlasta acu cailleann siad a misneach, go háirithe i scoileanna móra; agus is scoileanna móra formhór na mbunscoileanna atá anois ann.

Sin tuairim amháin, agus bheadh tuairimí eile ann. Gan amhras, áfach, tá ábhar machnaimh ann.



Cath na nIarsmaí

The fight to retrieve Aboriginal remains continues.

San eagrán deireanach de *An Lúibín* bhí cuntas ar a bhfuil á dhéanamh ag Lárionad Bundúchasach na Tasmáine chun iarsmaí a muintire a thabhairt ar ais ó iarsmalanna na Breataine. Cloigne, gjalla, fiacula agus gruaig atá i gceist. Is gearr ó thoiligh Iarsmalann Náisiúnta an Dúlra (NHM) ceithre cinn as na seacht n-iarsmaí Bundúchasacha déag a thabhairt ar ais ar an bpóinte. Tá tástáil eolaíoch déanta ar na ceithre iarsma sin, agus tá an NHM chun an chuid eile a tháistíl freisin - DNA a bhaint as cnámha agus múnlá plástair a dhéanamh de na fiacula agus de na gjalla. Agus sin an fhadhb, ó thaobh na mBundúchasach de. GLactar leis go bhfuil an NHM sásta an t-ionlán a thabhairt ar ais, ach truailliú is ea na triaileacha úd, agus tá fonn ar an Lárionad iad a bhacadh.

Tá iarsmaí eile i seilbh Oxford, Cambridge agus Iarsmalanna Náisiúnta na hAlban, ach ní fios an bhfuil siad á dtástáil faoi láthair. Dhá chloigeann agus cúpla gjall atá ag Cambridge, agus tá an ollscoil ag beartú polasaí i dtaobh iarsmaí daonna. Tá ceithre dhual gruaige ag Oxford agus iad tástáilte. Déanann na hAlbannaigh gach iarratas aiseachadta a mheas ar a fhiúntas bunaidh.

Cás an-chigilteach é seo; beidh eadráin ann chun an scéal a réiteach i gcás an NHM, agus scoth an lucht dlí ar an dá thaobh. Agus ní hé sin, ar ndóigh, deireadh an scéil ná baol air, agus iarsmaí eile le fáil ar ais.



Anzac

Anzac Day is Australia's annual commemoration of those who served in its wars. But wars entail more than soldiering: the clerk, the censor and even the deserter also have their place in the story.

Má tá fíorlá náisiúnta againn sa tír seo, is é Anzac Day é, lá a gcuimhnítar ar na daoine – saighdiúirí, banaltraí agus eile – a bhí páirteach sna cogáí. Sna cathracha móra bíonn mórshiúl fada; sna bailte beaga bíonn deasghnáth sollúnta de shaghas éigin, agus ar fud na tíre cloistear nótaí binne an bhuabhaill.

Ní dhéantar mórán tráchta ar na seansaighdiúirí nach bhfuil suim ar bith acu sna mórshiúltá. Ní thráchtar, ach oiread, ar na mílte saighdiúir Astrálach a thréig an tArm ag an bhFronta Iartharach, ná ar na fir óga ar éirigh leo gan dul san Arm ar chor ar bith ar chuíis amháin nó ar chuíis eile.

Más fiú na cogáí a chomóradh ar shlí éigin, is domlasta an scéal é an maoithneachas a leanann an ócaid – maoithneachas a bhorraí de réir mar a théann an tsíocháin i neart agus a dhearmadann ár bhformhór cén saghas ruda í an chogaíocht i ndáiríre. Tá saighdiúirí Astrálacha ag troid thar leár faoi láthair, ach is beag a líon; is fada nár bagraíodh baol orainn sa tír seo.

B'fhiú dúinn an finnscéal a fhágáil i leataobh agus scrúdú a dhéanamh ar iomlán an scéil. Cuimhnímis ar an ngaiscíocht, gan amhras, agus ar an uafás; cuimhnímis go háirithe ar na mná a rinne seirbhís aim agus eile, agus ar na sluaite sibhialtach a d'fhulaing drochairsmaí na troda. Ach tá cúrsái eile fós fite fuaite sa scéal, rudaí nach féidir a dhealú amach ón gcogaíocht. Cuimhnímis ar an meatacht (cibé ciall atá leis an bhfocal sin), ar an mbraitheoirí, ar na tréigtheoirí ag seiftíú dóibh féin ar chúl an chatha, ar na cléirigh a choinníonn rotha an chogaidh ag casadh, ar na seachantóirí agus ar na sruthairí nach math leó contúirt, agus ar na cinsírí a mhúchann an fhírinne. Is iomaí taobh atá ar chúrsaí cogaidh, agus níl sa tsraighdíuireacht ach cuid den scéal. Is í an ghaiscíocht (nó an ghaisciúlacht) an rud is breátha dealramh san iarsmalann nó ar an scáileán, ach ceileann sí saol eile. Ní bhíonn fáilte roimh na tréigtheoirí sa mhórshiúl, cé go mbíonn fáilte roimh a lán a mbíonn boinn bhréige á gcaitheamh acu.

Más mian leat léargas a fháil ar fhíornádúr an chogaidh, tabharfaidh an margadh dubh ní siosúr an chinsire duit é chomh soiléir le torann na ngunnaí. Ní hé an léargas is corraithí é, ach bíonn an-chuid den fhírinne ann. Samhlaímis a leithéid seo: *Soláthar*, scannán faoi bheirt chléireach i bhfad i gcéin ó bhrollach an chatha, agus iad ag meilt a gcuide ama le páipéarachas, cártaí agus cúnchaoint. Tá cogadh fíochmhar á fhearradh lastuaidh díobh agus is cuma leó sa diabhal. Ní thiteann mná i ngrá leó; ní chloiseann siad blosc gunna. Dhéanfadh Chekhov rud éigin fiúntach den scéal sin.

Ní bheidh deireadh le séideadh an bhuabhaill go deo; tiocfaidh na seansaighdiúirí (bail ó Dhia orthu) ag bailiú déirce de ghrá Dé ar son na mbaintreach, agus bímis fial leo. Bíonn a gcuide féin den fhírinne acu, agus ní bhacfaidh an chuid is mó againn lena mhalaírt d'insint.



Blarney Bulletin

Songs and prizes.

Tarraingíodh ár n-aird arís ar an *Blarney Bulletin*: <http://www.blarneybulletin.com>. Iris Ghael-Astrálach ar-líne atá ann, agus áis ag baint léi nach bhfuil le fáil ar an nuachtlitir seo – podchraoladh. Tá an méid a leanas (agus níos mó) le cloisteáil ar eagrán Mhí Aibreáin:

Dlúthdhiosca nua ó Mic Travers i mBrisbane (Boots & All); amhrán agus dán le Henry Lawson ó dhlúthdhiosca nua Bob Campbell (Freedom on the Wallaby); *Bakery Hill*, amhrán le John Memery as Belgrave; *Anzac Day*, amhrán le Dennis O'Keefe agus é cumtha in onóir an 39ú Cathlán ag Kokoda; *Old Time Country Music*, amhrán eile faoi chúrsai Anzac le Jimmy Chi as Broome. Agus tá rudáí eile ann: Shane Howard le *Give a Little* (Clan), Dean Bird ó Adelaide le *The Roses* (The Roses); Tony O'Rourke leis na poirt *Swedish Jig* agus *Caliope Jig* (Maid at the Well), Ade Kelly ag bualaadh craiceann gabhair – *The Bodhran* (Ace of Hearts).

Ba mhaith leis an *Blarney Bulletin* ár n-aird a tharraingt ar na duaiseanna a bhaineann le cumadóireacht amhrán – féach na comórtais *Rebel Yelp* agus *Unsung Hero*.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to
colger@melbpc.org.au*